## A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Tá a fhios againn go bhfuil do leanbh ag tosú ar scoil i mí Mheán Fómhair.

Chun é seo a cheiliúradh, agus chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh tríd an eispéireas nua seo, d'iarr an tAire Leanaí orainn mála leabhar a chur le chéile mar fhéirín dóibh siúd amháin. Baineann na scéalta sna leabhair le tosú ar scoil, a bheith sásta ionat féin, agus cairde a dhéanamh, agus tá siad ag fanacht leo in áit an-speisialta: do leabharlann áitiúil.

Tá cárta leabharlainne agus sparán speisialta cárta An Leabharlann Bheag san áireamh freisin le gach mála, agus tá súil againn go mbainfidh do leanbh úsáid as. Chun cabhrú leo ballraíocht a ghlacadh sa leabharlann, iarrfar ar thuismitheoirí foirm toilithe a shíniú agus cárta aitheantais baillí a thaispeáint.

Tá ballraíocht leabharlainne saor in aisce do chách. B'fhéidir gur mhaith leat cárta leabharlainne a athnuachan duit féin nó do leanaí eile i do theaghlach, nó ballraíocht a ghlacadh den chéad uair. Beidh do chárta aitheantais riachtanach sa chás seo freisin.

Tá súil againn go dtabharfaidh an féirín beag seo spéis fad saoil dod'leanbh sna leabhair agus sa léitheoireacht, spéis a mbeidh tú in ann a roinnt leo.

Táimid ag tnúth le bualadh leat, agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as na leabhair go léir,

*Do leabharlann áitiúil*




Na Chéad 5

Leabharlanna Éireann
Is Leatsa Gach Leabharlann

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Ceart chun Léitheoireachta ag do Leabharlann

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

# A Leanaí, a chairde,

Tá a fhios againn go bhfuil sibh ag tosú ar scoil i mí Mheán Fómhair.

Chun é seo a cheiliúradh, d'iarr an tAire Leanaí orainn mála leabhar a chur le chéile mar fhéirín daoibhse amháin. Baineann na scéalta sna leabhair le tosú ar scoil, a bheith sásta ionat féin, agus cairde a dhéanamh, agus tá siad ag fanacht leat in áit an-speisialta: do leabharlann áitiúil.

Tá cárta leabharlainne agus sparán speisialta cárta An Leabharlann Bheag san áireamh freisin le gach mála. Tá súil againn go dtiocfaidh tú isteach sa leabharlann agus go líonfaidh tú do mhála leabhar le leabhair ar iasacht pé uair is féidir leat.

Chomh maith leis sin, is féidir leat teacht agus crochadh timpeall agus roinnt leabhar a léamh sa leabharlann le do thuismitheoirí, nó caomhnóirí má tá roinnt ama saor agat.

Tá súil againn go dtabharfaidh an féirín beag seo nasc fadsaoil duit le do leabharlann agus grá do leabhair agus don léitheoireacht.

Táimid ag tnúth le bualadh leat, agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as na leabhair,

*Do leabharlann áitiúil*




Na Chéad 5 | Leabharlanna Éireann – Is Leatsa Gach Leabharlann | Rialtas na hÉireann Government of Ireland | An Ceart chun Léitheoireachta ag do Leabharlann | Rialtas Áitiúil Éireann Local Government Ireland